Cuid 1

| | DEARBHÚ AIRGID THIRIM<br>Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1672 | | |
|---|---|---|---|
| | Le haghaidh úsáid oifigiúil | Uimhir thagartha | |

| 1. Tá mé | ag teacht isteach san Aontas Eorpach (AE) | ag dul amach as an Aontas Eorpach |
|---|---|---|

**2. Sonraí iompróir an airgid thirim**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Céadainm/Céadainmneacha | | Náisiúntacht | |
| Sloinne/Sloinnte | | Uimhir aitheantais phearsanta* | |
| Inscne | fireann baineann eile | Seoladh<br>Sráid* agus uimhir * | sráid uimhir |
| Dáta breithe | LL MM BBBB | Baile | |
| Áit bhreithe | baile tír | Cód poist* | |
| Doiciméad aitheantais | pas cárta aitheantais eile (sonraigh)____________ | Tír | |
| Uimhir an doiciméid aitheantais | | Uimhir theileafóin* | |
| Tír eisiúna | | Seoladh ríomhphoist* | |
| Dáta eisiúna | LL MM BBBB | | |

**3. Mionsonraí an turais**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Tír an chéad imeachta | | Dáta imeachta | LL MM BBBB |
| Tír is ceann scríbe | | Dáta teachta | LL MM BBBB |
| *Via* (tír/tíortha idirthurais)* | | Dáta idirthurais* | LL MM BBBB |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Modh iompair | **AERIOMPAR** (sonraigh)<br>eitilt tráchtála<br>scairdeitleán príobháideach<br>eile | **AR MUIR / AR ABHAINN** (sonraigh)<br>soitheach tráchtála luamh<br>crús eile | **AR IARNRÓD** | **AR BÓTHAR** (sonraigh)<br>leoraí bus<br>carr eile | **EILE** (sonraigh)<br>____________ |

| | | |
|---|---|---|
| Cúrsa taistil an turais iompair | Ainm/áit an chéad aerfoirt imeachta/an chéad phoirt imeachta/an chéad stáisiúin traenach imeachta | |
| | Ainm/áit an aerfoirt teachta deiridh/an phoirt teachta deiridh/an stáisiúin traenach teachta deiridh | |
| | Ainm/áit an aerfoirt idirthurais/an phoirt idirthurais/an stáisiúin idirthurais | |
| | Pointe trasnaithe teorann talún (i gcás turas bóthair) | |
| Uimhir thagartha ( e.g. uimhir eitilte, uimhir aitheantais loinge, uimhir thraenach, cód tíre agus uimhirphláta) | | |
| Cuideachta iompair* | | |

**4. Sonraí an airgid thirim**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Airgeadra<br>(nótaí bainc agus monaí) | **Luach** | **Airgeadra** | **Luach** | **Airgeadra** |
| | 1) | | 3) | |
| | 2) | | 4) | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ionstraimí soshannta iompróra | **Cineál na hionstraime soshannta iompróra** | **Luach** | **Airgeadra** |
| | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Tráchtearraí a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha (i.e. ór) | **Cineál** | **Cainníocht** | **Meáchan iomlán (ina ghraim)** | **Luach** | **Airgeadra** |
| | | | | | |

*Má bhaineann le hábhar nó más ann dóibh. Mura mbaineann le hábhar nó murab ann dóibh, sonraigh ‘N/B’.

**5. Foinse eacnamaíoch agus úsáid beartaithe an airgid thirim** (is féidir níos mó ná rogha amháin a roghnú i bhForoinn 5.A agus i bhForoinn 5.B)

| **5.A. Foinse eacnamaíoch** (Líontar isteach an Fhoroinn seo i gcás nach bhfuil ach úinéir amháin ann. I gcás a bhfuil níos mó ná úinéir amháin ann, ní mór an fhaisnéis a líonadh isteach trí úsáid a bhaint as bileoga breise. Sa chás sin, cuir tic le 'eile' agus sonraigh 'bileoga breise') | **5.B. Úsáid beartaithe** (Líontar isteach an Fhoroinn seo i gcás nach bhfuil ach faighteoir beartaithe amháin ann. I gcás a bhfuil níos mó ná faighteoir beartaithe amháin ann, ní mór an fhaisnéis a líonadh isteach trí úsáid a bhaint as bileoga breise. Sa chás sin, cuir tic le 'eile' agus sonraigh 'bileoga breise') |
|---|---|
| Brabúis saothair (ioncam, pinsean/airgead scoir, ioncam ó fhiontraíocht etc.)<br>Gnóthachain chaipitiúla (díbhinní, brabúis infheistíochta, ús, árachas, etc.)<br>Díol réadmhaoine<br>Díol maoine inchorraithe<br>Iasacht a dheonaigh duine nádúrtha<br>Iasacht a dheonaigh eintiteas dlíthiúil (institiúid creidmheasa, banc nó cuideachta)<br>Crannchur / cearrbhachas<br>Bronntanas / tabhartas<br>Oidhreacht<br>Eile (sonraigh)_________________________________ | Costais saothair (íocaíochtaí tuarastail, gnó infheistíochta, etc.)<br>Infheistíocht chaipitiúil (taiscí i gcuntas bainc, íocaíochtaí árachais etc.)<br>Cistí le haghaidh réadmhaoin a cheannach<br>Cistí le haghaidh maoin inchorraithe a cheannach<br>Aisíocaíocht iasachta a dheonaigh duine nádúrtha<br>Aisíocaíocht iasachta a dheonaigh eintiteas dlíthiúil (institiúid creidmheasa, banc nó cuideachta)<br>Crannchur / cearrbhachas<br>Carthanacht<br>Airgead tirim chuig an máistir loinge / ciste boird<br>Saoire / áineas<br>Aistriú airgid thirim arna dhéanamh ag cúiréirí airgid gairmiúla (cuideachtaí malartaithe airgeadra)<br>Aistriú airgid thirim arna dhéanamh ag cúiréirí airgid gairmiúla (eile)<br>Eile (sonraigh)_________________________________ |

| **6. Úinéir an airgid thirim:** An tusa aonúinéir an airgid thirim? | |
|---|---|
| **Is mé, is mise an t-aonúinéir** | → Téigh go dtí Roinn 7 |
| **Ní mé, is duine nádúrtha eile atá san aonúinéir** | → Líon isteach Foroinn 6.A |
| **Ní mé, is duine dlítheanach é t-aonúinéir** | → Líon isteach Foroinn 6.B |
| **Ní mé, tá níos mó ná úinéir amháin ann** | → Líon isteach an líon iomlán úinéirí thíos agus úsáid bileoga breise chun a gcuid sonraí a líonadh isteach. Téigh go dtí Roinn 7. |
| **An líon iomlán úinéirí:** | |

| **7. Faighteoir beartaithe an airgid thirim:** An tusa aonfhaighteoir beartaithe an airgid thirim? | |
|---|---|
| **Is mé, is mise aonfhaighteoir beartaithe an airgid thirim uile** | → Téigh go dtí Roinn 8 |
| **Ní mé, is é an t-aonfhaighteoir beartaithe an t-aonúinéir** | → Téigh go dtí Roinn 8 |
| **Ní mé, is duine nádúrtha eile atá san aonfhaighteoir beartaithe** | → Líon isteach Foroinn 7.A |
| **Ní mé, is duine dlíthiúil é an an t-aonfhaighteoir beartaithe** | → Líon isteach Foroinn 7.B |
| **Ní mé, tá níos mó ná faighteoir beartaithe amháin ann** | → Líon isteach an líon faighteoirí beartaithe thíos agus úsáid bileoga breise chun a gcuid sonraí a líonadh isteach. Téigh go dtí Roinn 8. |
| **An líon iomlán faighteoirí beartaithe:** | |

| **6.A. Is duine nádúrtha é an t-aonúinéir** | | | |
|---|---|---|---|
| Céadainm/Céadainmneacha | | | |
| Sloinne/Sloinnte | | | |
| Inscne | fireann | baineann | eile |
| Dáta breithe | LL MM BBBB | | |
| Áit bhreithe | baile | tír | |
| Doiciméad aitheantais | pas | cárta aitheantais | eile (sonraigh) ___________ |
| Uimhir an doiciméid aitheantais | | | |
| Tír eisiúna | | | |
| Dáta eisiúna | LL MM BBBB | | |
| Náisiúntacht | | | |
| Uimhir aitheantais phearsanta* | | | |
| Seoladh<br>Sráid* agus uimhir* | sráid | uimhir | |
| Baile | | | |
| Cód poist* | | | |
| Tír | | | |
| Uimhir theileafóin* | | | |
| Seoladh ríomhphoist* | | | |

| **7.A. Is duine nádúrtha é an t-aonfhaighteoir beartaithe** | | | |
|---|---|---|---|
| Céadainm/Céadainmneacha | | | |
| Sloinne/Sloinnte | | | |
| Inscne | fireann | baineann | eile |
| Dáta breithe | LL MM BBBB | | |
| Áit bhreithe | baile | tír | |
| Doiciméad aitheantais | pas | cárta aitheantais | eile (sonraigh) ___________ |
| Uimhir an doiciméid aitheantais | | | |
| Tír eisiúna | | | |
| Dáta eisiúna | LL MM BBBB | | |
| Náisiúntacht | | | |
| Uimhir aitheantais phearsanta* | | | |
| Seoladh<br>Sráid* agus uimhir* | sráid | uimhir | |
| Baile | | | |
| Cód poist* | | | |
| Tír | | | |
| Uimhir theileafóin* | | | |
| Seoladh ríomhphoist* | | | |

*Má bhaineann le hábhar nó más ann dóibh. Mura mbaineann le hábhar nó murab ann dóibh, sonraigh 'N/B'.

| 6.B. Is duine dlítheanach é an t-aonúinéir | |
|---|---|
| Ainm | |
| Uimhir chlárúcháin | |
| Ainm an chláir | |
| Tír chlárúcháin | |
| Uimhir aitheantais CBL* | |
| Uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (EORI) * | |
| Seoladh<br>Sráid* agus uimhir* | sráid / uimhir |
| Baile | |
| Cód poist* | |
| Tír | |
| Uimhir theileafóin * | |
| Seoladh ríomhphoist* | |

| 7.B. Is duine dlítheanach é an t-aonfhaighteoir beartaithe | |
|---|---|
| Ainm | |
| Uimhir chlárúcháin | |
| Ainm an chláir | |
| Tír chlárúcháin | |
| Uimhir aitheantais CBL* | |
| Uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (EORI) * | |
| Seoladh<br>Sráid* agus uimhir * | sráid / uimhir |
| Baile | |
| Cód poist* | |
| Tír | |
| Uimhir theileafóin * | |
| Seoladh ríomhphoist* | |

| 8. Síniú | | | |
|---|---|---|---|
| **Dearbhaím go bhfuil na sonraí uile atá tugtha agam cruinn. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear míchruinn nó neamhiomlán, tuigim nach measfar an oibleagáid maidir le dearbhú a bheith comhlíonta agus d'fhéadfadh sé go ngearrfaí pionóis orm i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme.** | | | |
| **Síniú** | | | |
| **Ainm an tsínitheora:** | | | |
| Dáta | LL MM BBBB | | |
| Áit | Baile | Tír | |
| An líon iomlán bileog breise a úsáideadh | | Cóip fhormhuinithe iarrtha | Tá |

| Le haghaidh úsáid oifigiúil | |
|---|---|
| **Síniú agus stampa an údaráis inniúil** | |
| **Dearbhú custaim:** ☐ **Tá** ☐ **Níl** | |
| **Uimhir an dearbhaithe custaim:** | |
| **An oifig custaim a rinne an rialú:** | |

*Má bhaineann le hábhar nó más ann dóibh. Mura mbaineann le hábhar nó murab ann dóibh, sonraigh 'N/B'.

## NÓTAÍ MAIDIR LE hÚSÁID NA FOIRME

**FAISNÉIS GHINEARÁLTA**

Tá an oibleagáid maidir le hairgead tirim a dhearbhú le linn teacht isteach san Aontas nó le linn dul amach as an Aontas ina cuid de straitéis an Aontais Eorpaigh chun cosc a chur ar sciúradh airgid agus chun maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac. Ní mór an fhoirm dearbhaithe seo a líonadh isteach le linn teacht isteach san Aontas Eorpach nó le linn dul amach as an Aontas agus airgead tirim EUR 10 000 nó níos mó ar iompar (nó a choibhéis sin in airgeadraí eile) (Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1672 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).

I gcás ina soláthraítear faisnéis mhícheart nó neamhiomlán, nó i gcás nach gcuirtear an t-airgead tirim ar fáil lena rialú, ní mheastar gur chomhlíon an t-iompróir a oibleagáid agus d'fhéadfadh sé go ngearrfar pionóis air faoin reachtaíocht náisiúnta is infheidhme.

Déanfaidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis agus na sonraí pearsanta a thaifeadadh agus a phróiseáil agus cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil don Aonad um Fhaisnéis Airgeadais (AFA) i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/1672. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagail 10 agus 11 den Rialachán sin, cuirfear na sonraí ar fáil freisin do na húdaráis a luaitear iontu. Feidhmeoidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina gcuirtear an dearbhú isteach mar rialaitheoirí ar na sonraí pearsanta a fhaigheann siad agus coinneoidh siad na sonraí a bhailítear i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2018/1672, trí réamhshocrú ar feadh cúig bliana. Is chun gníomhaíochtaí coiriúla a chosc agus a chomhrac, agus chuige sin amháin, a dhéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil. Maidir le rochtain a fháil ar an bhfaisnéis iomlán, lena n-áirítear faisnéis faoi do chearta, féach an ráiteas príobháideachais i gceangal leis/ an nasc chuig faisnéis ar líne de chuid na mBallstát maidir le cosaint sonraí.

**MÍNIÚ AR NA TÉARMAÍ A ÚSÁIDTEAR I gCOMHRÉIR LE RIALACHÁN (AE) 2018/1672**

Ciallaíonn **iompróir** aon duine nádúrtha a thagann isteach san Aontas Eorpach nó a théann amach as agus a bhfuil airgead tirim ar iompar ar a sheilbh aige, ina bhagáiste nó ina chóir iompair.

Ciallaíonn **airgeadra** nótaí bainc agus monaí atá i gcúrsaíocht mar mhodh malartaithe, nó a bhí i gcúrsaíocht mar mhodh malartaithe agus is féidir a mhalartú fós trí institiúidí airgeadais nó bainc cheannais le haghaidh nótaí bainc agus monaí atá i gcúrsaíocht mar mhodh malartaithe.

Ciallaíonn **ionstraimí soshannta iompróra** ionstraimí seachas airgeadra agus a thugann teideal dá sealbhóirí suim airgeadais a éileamh ar na ionstraimí a thíolacadh, gan a bheith de dhualgas ar an sealbhóir a aitheantas ná a haitheantas ná teideal chun na suime sin a chruthú. Is iad seo a leanas na hionstraimí sin:
(a) seiceanna taistil; [agus]
(b) seiceanna, nótaí gealltanais nó orduithe airgid atá i bhfoirm iompróra, atá sínithe ach le hainm an íocaí fágtha ar lár, atá formhuinithe gan srian, atá déanta amach d'íocaí samhailteach, nó i bhfoirm eile a fhágann go n-aistrítear an teideal nuair a sheachadtar an t-airgead.

**Tráchtearraí a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha**
(a) monaí le cion óir 90 % ar a laghad; [agus]
(b) buillean amhail barraí, cnapanna nó meallta le cion óir 99,5 % ar a laghad.

- **Tá gach réimse ar an bhfoirm seo éigeantach agus ní mór gach réimse a líonadh isteach. Ní mór na réimsí san fhoirm atá marcáilte le réiltín (*) a líonadh isteach, i gcás ina mbaineann siad le hábhar nó i gcás inarb ann dóibh.**
- **Ní mór gach cuid bhán a líonadh isteach i gceannlitreacha agus i ndúch dubh. Níor cheart ábhar a bhfuil líne curtha tríd, focail a bhfuil ábhar eile scríofa anuas orthu nó athruithe eile a bheith sna foirmeacha.**
- **Ní mór na codanna atá marcáilte 'le haghaidh úsáid oifigiúil' a fhágáil bán.**
- **Uimhir aitheantais phearsanta (i.e. ní mór cáin phearsanta, uimhir slándála sóisialta nó uimhir aitheantais phearsanta ar leith atá comhchosúil leis an uimhir sin), seoladh, cód poist, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist a líonadh isteach, má bhaineann siad le hábhar. Mura mbaineann le hábhar, sonraigh 'N/B'.**
- **Ní mór an uimhir chánach breisluacha (CBL) agus an Uimhir chláraithe agus aitheantais oibreoirí eacnamaíocha a líonadh isteach (Uimhir EORI - is uimhir uathúil í seo, ar fud na hEorpa, arna sannadh ag údarás custaim an Bhallstáit d'oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí custaim), i gcás inarb ann dóibh. Murab ann dóibh, sonraigh 'N/B'.**
- **I gcás nach eol don iompróir an fhaisnéis a iarrtar, sonraigh 'ní heol'.**
- **Ní mór an fhoirm a líonadh isteach i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh a nglacann údaráis inniúla an Bhallstáit leo san áit ina ndéantar an dearbhú.**

**Roinn 1: Ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as an Aontas**

Cuir tic leis an mbosca cuí lena shonrú cé acu atá an t-iompróir ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as an Aontas. I gcás idirthuras tríd an Aontas, éilítear dearbhú freisin le linn teacht isteach san Aontas agus le linn dul amach as an Aontas.

**Roinn 2: Sonraí iompróir an airgid thirim**

Ní mór sonraí pearsanta an iompróra a líonadh isteach sa roinn seo mar atá siad ar a dhoiciméad aitheantais.
I gcás nach féidir leis an iompróir an dearbhú a shíniú go dlíthiúil, cuirfidh ionadaí dlíthiúil an iompróra an dearbhú isteach.

**Roinn 3: Mionsonraí an turais**

Ní mór an fhaisnéis faoi thír an chéad imeachta, tír an chinn scríbe agus na cóir iompair a sholáthar. Ní mór faisnéis faoin tír idirthurais nó faoi na tíortha idirthurais ina ndéanann an t-iompróir an t-airgead tirim a aistriú a shonrú chomh maith leis an gcuideachta iompair, má bhaineann le hábhar.

- Cuir tic le 'Aeriompar' más ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as an Aontas in aerárthach atá tú. Ní mór an cineál aerárthaigh (eitilt tráchtála, scairdeitleán príobháideach, eile) a sholáthar. Ní mór uimhir na heitilte nó uimhir chlárúcháin an aerárthaigh (i gcás scairdeitleán príobháideach) a sholáthar sa réimse 'Uimhir thagartha'.

- Cuir tic leis an mbosca 'Ar muir / Ar abhainn' más ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as ar muir nó ar abhainn atá tú. Ní mór an cineál soithigh (soitheach tráchtála, luamh, eile) a sholáthar. Ní mór ainm an tsoithigh a sholáthar sa réimse 'Uimhir thagartha' agus na sonraí i ndáil leis an líne loingis a sholáthar faoi 'Cuideachta iompair'.
- Cuir tic le 'Ar Bóthar' más ag teacht isteach san Aontas nó ag imeacht as an Aontas atá tú d'aon chineál feithicle bóthair innealta. Ní mór cineál an iompair de bhóthar a sholáthar (leoraí, carr bus, eile). Ní mór cód tíre agus uimhirphláta na feithicle a sholáthar sa réimse 'Uimhir thagartha'.
- Cuir tic leis an mbosca 'Ar iarnród' más ag teacht isteach san Aontas nó ag imeacht as an Aontas ar thraein atá tú. Ní mór uimhir na traenach a sholáthar sa réimse 'Uimhir thagartha' agus an chuideachta traenach a sholáthar faoi 'Cuideachta traenach'.
- Cuir tic leis an mbosca 'Eile' i gcás nach n-úsáidtear aon cheann de na modhanna iompair eile agus sonraigh an cineál iompair (e.g. de shiúl na gcos, rothar).

**Roinn 4: Sonraí an airgid thirim**

Ní mór méid iomlán an airgid thirim atá ar iompar ag an iompróir a líonadh isteach sa Roinn seo. Sainmhínítear 'airgead tirim' faoi 'Faisnéis Ghinearálta'. Ní mór ar a laghad ceann amháin de na roghanna [(i) airgeadra; (ii) ionstraimí soshannta iompróra nó (iii) tráchtearraí a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha] a líonadh isteach.

I gcás nach leor an méid spáis atá ar fáil ar an bhfoirm dhearbhúcháin, ní mór bileoga breise a úsáid chun sonraí an airgid thirim a sholáthar. Is dearbhú aonair é gach faisnéis a sholáthraítear agus ní mór gach bileog bhreise a uimhriú agus a shíniú.

**Roinn 5: Foinse eacnamaíoch agus úsáid bheartaithe an airgid thirim**

Ní mór **Foroinn 5.A** a líonadh isteach i gcónaí más aonúinéir é an t-iompróir nó mura bhfuil ach úinéir amháin ann chun an fhoinse eacnamaíochábhartha a shonrú.

Ní mór **Foroinn 5.B** a líonadh isteach más é an t-iompróir an t-aonúinéir agus an t-aonfhaighteoir beartaithe freisin nó i gcás nach bhfuil ach faighteoir amháin le húsáid bheartaithe an airgid thirim a shonrú.

Is féidir níos mó ná rogha amháin a roghnú i ngach Foroinn. Mura mbaineann aon cheann de na roghanna le hábhar, cuir tic leis an mbosca 'eile' agus sonraigh na mionsonraí.

Má tá níos mó ná úinéir amháin nó níos mó ná faighteoir beartaithe amháin ann, ní mór an fhaisnéisábhartha faoi fhoinse eacnamaíoch agus úsáid bheartaithe an airgid le haghaidh na n-úinéirí agus/nó na bhfaighteoirí beartaithe a líonadh isteach ar bhileoga breise mar a luaitear thíos. Sa chás sin, cuir tic le 'eile' agus sonraigh 'bileoga breise'.

**Roinn 6: Úinéir an airgid thirim**

**Aon úinéir amháin**

Más é an t-iompróir aonúinéir an airgid thirim, cuir tic leis an mbosca cuí agus lean ar aghaidh go dtí Roinn 7.

Murab ionann an t-iompróir agus an t-aonúinéir, sonraigh cé acu is duine nádúrtha eile nó duine dlítheanach eile é an t-aonúinéir agus cuir tic leis an mbosca cuí. Ní mór na sonraí a líonadh isteach i bhForoinn 6.A (le haghaidh duine nádúrtha) nó i bhForoinn 6.B (le haghaidh duine dlítheanach) agus dul ar aghaidh go dtí Roinn 7. Más duine nádúrtha é an t-iompróir, ní mór na sonraí pearsanta a líonadh isteach mar atá siad ar a dhoiciméad aitheantais.

**Níos mó ná úinéir amháin**

I gcás ina bhfuil níos mó ná úinéir amháin ann, ní mór an líon iomlán úinéirí a líonadh isteach sa bhosca cuí. Le haghaidh gach úinéir breise, ní mór bileoga breise ar leith a líonadh isteach ina dtugtar a shonraí, an méid airgid thirim atá faoina úinéireacht, foinse eacnamaíoch an airgid thirim agus an úsáid atá beartaithe a bhaint as. Má tá an t-iompróir ar dhuine de na húinéirí, ní mór bileog bhreise a líonadh isteach dósan freisin, ina sonraítear méid an airgid thirim atá faoi úinéireacht an iompróra, foinse eacnamaíoch an airgid thirim agus an úsáid atá beartaithe a bhaint as. Is dearbhú aonair é gach faisnéis a sholáthraítear agus ní mór gach bileog bhreise a uimhriú agus a shíniú.

**Roinn 7: Faighteoir beartaithe an airgid thirim**

**Aon fhaighteoir beartaithe amháin**

Sonraigh an é an t-iompróir aonfhaighteoir beartaithe an airgid thirim. Más amhlaidh atá, cuir tic leis an mbosca cuí agus lean ar aghaidh go dtí Roinn 8.

Murab é an t-iompróir an t-aonfhaighteoir beartaithe, cuir tic leis an mbosca cuí lena shonrú cé acu is duine nádúrtha nó duine dlítheanach an t-aonfhaighteoir beartaithe. Ní mór an fhaisnéis a líonadh isteach i bhForoinn 7.A (le haghaidh duine nádúrtha) nó i bhForoinn 7.B (le haghaidh duine dlítheanach) agus dul ar aghaidh go dtí Roinn 8. I gcás gur duine nádúrtha é an t-iompróir, ní mór na sonraí pearsanta a líonadh isteach mar atá siad ar a dhoiciméad aitheantais.

**Níos mó ná faighteoir beartaithe amháin**

I gcás ina bhfuil níos mó ná faighteoir beartaithe amháin, ní mór an líon iomlán faighteoirí beartaithe a líonadh isteach sa bhosca cuí. Le haghaidh gach faighteoir beartaithe, ní mór bileoga breise ar leithligh a líonadh isteach ina dtabharfar sonraí gach faighteora bheartaithe, an méid airgid atá le fáil aige agus an úsáid a bheartaítear a bhaint as. Má tá an t-iompróir ar dhuine de na faighteoirí beartaithe, ní mór bileog bhreise a líonadh isteach dósan freisin, lena n-áirítear méid an airgid thirim atá le fáil ag an iompróir agus an úsáid a bheartaítear a bhaint as. Is dearbhú aonair é gach faisnéis a sholáthraítear agus ní mór gach bileog bhreise a uimhriú agus a shíniú.

**Roinn 8: Síniú**

Cuir isteach an dáta, an áit agus an t-ainm agus sínigh an fhoirm dhearbhúcháin. Sonraigh an líon iomlán bileog breise a úsáideadh. Murar úsáideadh aon bhileog breise, sonraigh nialas (0). Is féidir leis an iompróir tic a chur leis an mbosca cuí chun cóip fhormhuinithe den dearbhú a iarraidh.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.